


☘ An Lúibín ☘

14 Feabhra 2015



IRISH STUDIES ASSOCIATION of AUSTRALIA & NEW ZEALAND

Ireland's Others: Diversity in History and Culture

An 21ú Comhdháil Astraláiseach Léinn Éireannaigh

Ollscoil Mhaigh Nuad

18–20 Bealtaine 2015

Chuir an staraí Oliver MacDonagh an tsraith comhdhálacha seo ar bun sa bhliain 1980. Tá traidisiún ildisciplíneach ann anois, agus comhdháil ar siúl in Éirinn, san Astráil nó sa Nua-Shéalainn gach re bliain. An bhliain seo beidh fáil ar an taighde is déanaí ar na hÉireannaigh san Astráil, sa Nua-Shéalainn agus ar fud an domhain. Faoi láthair tá os cionn caoga páipeár agus léachtanna á dtairiscint, agus iad ag cur síos ar chúrsaí staire agus litríochta, ar pholaitíocht an lae inniu agus ar léann imirce. Tabharfaidh scoláirí suntasacha, leithéidí Guy Beiner ó Iosrael agus Margaret Kelleher agus Terence Dooley ó Éirinn, na príomhléachtanna.

Beidh blas idirnáisiúnta ar an ócáid. Tá tairiscintí faighte ón Astráil, ón Nua-Shéalainn, ó Éirinn, ó na Stáit Aontaithe, ón Spáinn, ón mBreatain, ón mBeilg, ón tSeirb, ón Iodáil agus ón gCóiré. Déanfaidh na tionólaithe tairiscintí malla a mheas má fhaigheann siad iad roimh dheireadh Mhí Mhárta ach áit a bheith ar fáil dóibh sa chlár.

Is gearr go gcuirfear suíomh ar bun don chomhdháil agus eolas ann ar chlárú, ar iostas agus ar an gclár féin.

Na tionólaithe:

Philip Bull (Department of History, La Trobe University, Melbourne and CSHIHE, Maynooth)
P.J.Bull@latrobe.edu.au

Oona Frawley (Department of English, National University of Ireland, Maynooth) Oona.Frawley@nuim.ie

Pauric Travers (Department of History, St Patrick's College, Drumcondra) Pauric.Travers@spd.dcu.ie



Síntiús do Feasta

Ceann de phríomhírisí liteartha na Gaeilge is ea *Feasta*. Ach tá se i gcruachas cheal airgid agus tá an t-eagarthóir ag iarraidh cabhrach. Sa bhliain 2013 tháinig 75% d'ioncam na hirise ó Fhoras na Gaeilge. In 2015 beidh an céatadán san íslithe go 25%.

Tá an iris ag teacht amach i gcónaí ach b'éigean caiteachas a laghdú (ar líon na leathanach ach go háirithe). Ní mór, mar a deir an t-eagarthóir, cur go leanúnach le líon na síntiúsóirí.

Féach foirm mar cheangaltán leis seo : €75 ar 12 eagrán, iníoctha le Conradh na Gaeilge. Nó féach suíomh *Feasta*: www.feasta.ie.

FeastaFógraFeasta
Féin2015 GLG Magent



Gaeilge Fhrancach

Francach mná is ea Batsheva Battu agus ceithre theanga aici. Orthu sin tá an Ghaeilge. Fuair sí a cuid oideachais i scoil idirnáisiúnta i bPáras; thosaigh sí ag foghlaim Béarla nuair a bhí sí ceithre bliana d'aois agus Iodáilis in aois a haon bhliain déag, rud a mhúscail suim i dteangacha inti. Anois tá Gaeilge bhinn aici agus tá sí ag foghlaim Breatnaise.

Tháinig suim aici sa Ghaeilge agus í ina mac léinn sa Bhreatain. Bhí roinnt léite aici faoi Chonradh na Gaeilge agus faoi athbheochan na Gaeilge, agus thug sí a haghaidh ar Ghaoth Dobhair chun cúrsa a dhéanamh le hOideas Gael sa bhliain 2005. (Shíl sí go raibh an taobh tíre an-iargúlta, agus nuair a chuala sí beirt ag labhairt teanga a raibh blas éigin den tSualainnis uirthi bhí a fhios aici gur Ghaeilge í.)

Lean sí uirthi ag déanamh staidéir ar an teanga sa lárionad cultúrtha Éireannach i bPáras. D'fhill sí ar Oideas Gael sé huair ina dhiaidh sin agus í ag foghlaim na teanga uathí féin freisin. Tá Gaeilge ar a toil aici anois.

Tá gnólacht aici i gConamara anois, CEIRD (Community Expressions Ireland), a mhúineann na healaíona do pháistí agus do dhaoine fásta. Aistritheoir í freisin agus an oiread sin teangacha aici, ach an amhránaíocht is ansa léi agus tá baint aici le dhá ghrúpa, Séimhe i gConamara agus Tír na mBeo i bPáras.

Féach 'Frenchwoman passing on her love of Irish,' Galway Advertiser, 5 Feabhra 2015:
<http://www.advertiser.ie/galway/article/75403/frenchwoman-passing-on-her-love-of-irish>



Nóta

San eagrán deireanach de *An Lúibín* (25/1/2014) tugadh cuntas ar *An Irish-Speaking Ireland*, leabhar breá le Nicholas M. Wolfe. Ba chóir a rá gur ollamh cunta é in Glucksman Ireland House, Ollscoil Nua Eabhrac.

Sonraí an leabhair:

An Irish-Speaking Island: State, Religion, Community, and the Linguistic Landscape in Ireland, 1770-1870. University of Wisconsin Press. ISBN-10: 0299302741. ISBN-13: 978-0299302740



Treabhadh an iomaire i Meiriceá Thuaidh

Má thugann Meiriceánaigh faoi rud déanann siad le dúthracht é. Ní taise do mhuintir Cheanada é, is dócha, cé go ndeirtear go dtógann siad an saol beagán níos boige. Níl an Ghaeilge thíos leis. Í á foghlaim ag slua beag, daoine as gach cearn agus gach cúlra, agus Meiriceánaigh ghorma féin ina measc a chuireann suim sa teanga le hómós don taobh Éireannach dá nginealach. I measc na nGaeilgeoirí is gníomhaí i Meiriceá Thuaidh faighimid acadóirí, saighdiúirí, múinteoirí, ceoltóirí, scríbhneoir nó dhó. Tá roinnt díobh le fáil thíos agus níor dheacair cur leis an liosta.

Tá *An Gael*, iris Mheiriceánach (agus idirnáisiúnta) a fhoilsíonn scéalta, filíochta agus ailt, mar nasc idir cuid acu. Is é eagarthóir na hirise Séamas Ó Neachtain agus é ina scríbhneoir freisin.¹ A mhuintir ina gcónaí i Meiriceá le breis is cúig ghlúin. Ficsean, filíocht agus ailt foilsithe aige i nGaeilge. Sa bhliain 2008 foilsíodh *Cogadh Dearg*, úrscéal stairiúil leis.² Gaeilge foghlamtha aige i ranganna Gaeilge san Inis Fhada i Nua Eabhrac agus é ina mhúinteoir anois. Sa bhliain 2005 ceapadh é mar uachtarán ar Chumann Carad na Gaeilge, ceann de na heagraíochtaí Gaeilge is sine i Meiriceá. É ina cheannaire ar Scoil Ghaeilge Ghearóid Tóibín.

In eagrán Shamhradh 2013 gheobhaidh tú ‘Ag Tochailt Ar Lorg Neoidrionónna,’ alt le duine a bhfuil fios a ghnó aige: Scott Oser. Ollamh le Fisic é sa Roinn Fisice agus Réalteolaíochta in Ollscoil na Colóime Briotanaí. As Siceagó dó agus roinnt sinsear Éireannach aige. Suim aige sa teangeolaíocht agus suim ar leith aige sa Ghaeilge. Tá staidéar déanta aige ar an teanga le roinnt mhaith blianta, í ar a thoil aige anois agus é pósta Gaeilgeoir eile.³ An teanga á múineadh aige le tamall de bhlianta.

Acadóir agus saighdiúir araon is ea Aralt Mac Giolla Chainnigh. Rugadh é in Ingersoll in Ontario agus chuaigh nósanna Gaelacha na háite i bhfeidhm air. Chuaigh sé in Arm Cheanada agus d'éirigh go seoigh leis. É ina Ollamh Cúntach i gColáiste Ríoga Míleata Cheanada, ag déanamh taighde ar chlúdach imréaltach na réaltáí siombóiseacha. Thug sé faoin nGaeilge sa bhliain 1989. É á múineadh anois agus baint aige le bunú Gaeltacht Bhuan Mheiriceá Thuaidh, limistéar ar féidir le Gaeilgeoirí bualadh lena leithéidí eile ar feadh na bliana. Baint aige le heagraíochtaí eile - Comhaltas Ceoltóirí Éireann (ós fídléir é) agus an North American Association for Celtic Language Teachers.

Saighdiúir eile is ea Séamus Ó Fianghusa. Tamall maith caite aige sa reisimint Mheiriceánach is Gaelaí amach ó thaobh na staire de, an ‘Fighting 69th’. Rugadh é in Brooklyn i Nua Eabhrac. Is Cóiréach a mháthair agus is Éireannach a athair, agus bhí Cóiréis ar a thoil aige ina leanbh dó (sular scrios Béarla na bunscoile í). Thosaigh sé ag foghlaim Gaeilge sa bhliain 1996 agus anois tá sí go blasta aige. Is iomaí cuairt a thug sé ar Ghaeltacht Dhún na nGall agus tá an blas sin ar a chuid cainte. É go maith chun amhrán a rá ar an sean-nós. É le cloisteáil ó am go chéile ar na meáin in Éirinn. Féach clár an-suimiúil ina thaobh a thaispeáin TG4 cúpla bliain ó shin mar chuid den tsraith faisnéise *Dúshlán*; féach eipeasóid 1, ‘An Saighdiúir’:

<https://www.youtube.com/watch?v=DJYLlvaH2L8>.

As Corbyville in Ontario d’Allyson Reid. De shliocht Éireannach í. Comhlacht aici (Chockablock Productions) a mbíonn a lán obair thráchtála idir lámha aige.⁴ Ina theannta sin tá sé ag tabhairt tuairisce ar ócáidí Gaeilge le deich mbliana anuas agus ag soláthar ábhair do chlár nuachta in Éirinn. Lámh ag Allyson i mbunú Chiorcail Chomhrá Toronto agus baint aici le Gaeltacht Bhuan Mheiriceá Thuaidh in Tamworth, Ontario. Í ina Cathaoirleach Caidrimh Phoiblí ar Oireachtas Gaeilge Cheanada.

Ceoltóir as Nua Eabhrac Lugh de Paor: é ina pháibaire agus ina amhránaí agus suim aige i saghsanna difriúla ceoil. Ar an Inis Fhada i Nua Eabhrac a rugadh é. Thug sé an ceol leis óna athair agus mhúscail a mháthair spéis sa Ghaeilge ann. Greim maith aige ar an teanga le tamall anuas. É le feiceáil ag seinm agus ag amhránaíocht anseo: <http://www.scoilgaeilge.org/about/luke.htm> agus <https://www.youtube.com/watch?v=WcJBK0ga42g>.

¹ *An Gael*: www.angaelmagazine.com. Fáisceadh é as *An Gaodhal*, tréimhseachán dátheangach de chuid an 19ú haois.

² Coiscéim 2008.

³ Charles Leroux, ‘Chicagoans Learn To Gab In Gaelic,’ *Chicago Tribune*, 17 Márta 2000: http://articles.chicagotribune.com/2000-03-17/features/0003170390_1_gaelic-ireland-arabic-or-russian.

⁴ Féach www.chockablock.ca.

I Luimneach a rugadh Hilary Mhic Shuibhne ach chuir sí fúithi i Nua Eabhrac. Í ag múineadh Gaeilge ann ón mbliain 1998 i leith. Í ina léachtóir le Gaeilge in Ollscoil Nua Eabhrac. Mhúin sí Gaeilge ina lán áiteanna roimhe sin agus múineann sí fós ar son Dhaltáí na Gaeilge, dream Meiriceánach a reachtálann tumranganna. Chuidigh sí le lárionad scrúduithe a dhéanamh de Glucksman Ireland House i Nua Eabhrac maidir le Teastas Eorpach na Gaeilge.⁵ Tá ailt scríofa aici do *Comhar*, *An Gael* agus *The Irish Echo*. Blag aici agus iomrá leis:

<http://hilaryny.blogspot.com>.

Ollamh le Gaeilge i gColáiste Lehman ag Ollscoil Chathrach Nua Eabhrac is ea Tomás Ó h-Íde (Thomas Ihde). Tá a lán cúrsaí curtha ar bun aige in institiúidí tríú leibhéal sna Stáit. Fuair sé BA in San Antonio in Texas agus fuair Dochtúireacht i gColáiste na Tríonóide. Tá dhá leabhar curtha amach aige: *The Irish Language in the United States: a historical, sociolinguistic, and applied linguistic survey*, Bergin & Garvey 1994, agus *Colloquial Irish* (le Máire Ní Neachtain, Roslyn Blyn-LaDrew agus Johagus n Gillen), Routledge 2008. Agus sin gan trácht ar an méid mór páipéar atá scríofa aige.

Acadóir is ea Brian Ó Broin, ollamh le teangeolaíocht, le litríocht mheánaoiseach agus le léann Éireannach in Ollscoil William Paterson University i Nua Gheirsí. Neart alt agus páipéar foilsithe aige. Gaeilge á múineadh aige ó am go chéile in áiteanna difriúla. A chlann á dtógáil le Gaeilge agus le Gearmáinis. É ina eagarthóir ar *Thógamar le Gaeilge Iad* (Coiscéim, 2012), bailiúchán aistí faoi na cúrsaí a bhaineann le tógáil clainne le Gaeilge san aois seo lasmuigh den Ghaeltacht agus i dtíortha eile. An té ar spéis leis cúrsaí léinn is fiú dó an t-alt seo a léamh: http://www.academia.edu/1662481/The_Poor_Condition_of_Irish_Medieval_Studies_particularly_in_Philology. Éist freisin leis na sleachta i nGaeilge agus i Meán-Bhéarla atá á léamh aige: <http://nova.wpunj.edu/obroinb/>.

Acadóir agus Éireannach eile is ea Brian Ó Conchubhair, Ollamh Cúnta le Gaeilge agus le Litríocht na hÉireann in Ollscoil Notre Dame. Fuair saothar leis, *Fin de Siècle na Gaeilge: Darwin, An Athbheochan agus Smaointeoireacht na hEorpa* (Cló Iar-Chonnachta, 2009), duais neamhfhicsin Oireachtas 2009 agus Duais Leabhar Taighde na Bliana Fhoras na Gaeilge (ACIS Prize for Books in the Irish Language). Tá a lán eile foilsithe aige: *Gearrscéalta Ár Linne* (Cló Iar-Chonnachta, 2006), *WHY IRISH? Irish Language and Literature in Academia* (Arlen House, 2008), *Twisted Truths* (Cló Iar-Chonnachta, 2011) agus eile. Suim aige sa nua-aoiseachas i litríocht na Gaeilge. É le feiceáil ag caint le Diarmuid Ó Mathúna faoi *Gearrscéalta Ár Linne* ar fhíseán de chuid Gaelchultúr Teoranta: <https://www.youtube.com/watch?v=LaY6PvRCDA> (Meitheamh 2013).



Státseirbhísigh le Gaeilge

Molann tuairisc leis an gComhchoiste Comhshaoil, Cultúir agus Gaeltachta san Oireachtas go mbeadh Gaeilge ar a dtóil ag 10% ar a laghad de státseirbhísigh i ngach Roinn.

Dúirt Julian de Spáinn (Ardrúnaí Chonradh na Gaeltachta) le *The Journal.ie* nach mbeadh i gceist ach féachaint chuige go raibh 30% de státseirbhísigh nua líofa sa teanga.⁶ Tá de Spáinn ag brath ar an méid Gaeilge a dtabharfaidís leo ón scoil, cé go mb'fhéidir go bhfuil sé ag baint taca as sífn ansin.

Tá an ceart aige, áfach, agus tagairt déanta aige don airgead a choigleofaí maidir le haistritheoirí amuigh agus eile. Ach ní cinnte go mbeadh éileamh chomh mór sin ar sheirbhísí i nGaeilge. Má tá Gaeilge mhaith ag timpeall 6% den phobal (féach *An Lúibín*, 23/1/2014) ní bheadh lé ar leith ag cuid acu leis an teanga. D'úsáidfidís seirbhísí Béarla le teann caothúlachta, fiú dá mbeadh cúnamh le fáil i nGaeilge. Is breá le de Spáinn an bealach a gcuireann na Breatnaigh a dteanga chun cinn, go háirithe an córas caighdeánach a leagann amach cén freastal is cóir a dhéanamh ar an bpobal i mBreatnais.

⁵ Eolas ar Theastas Eorpach na Gaeilge : www.teg.ie/faqs.150.html.

⁶ *The Journal.ie*: <http://www.thejournal.ie/10-irish-language-1908207-Jan2015/>

I suirbhé a rinne Millward-Brown do Chonradh na Gaeilge léirítear gur dóigh le 70% de mhuintir na Poblachta agus le 54% de mhuintir Thuaisceart Éireann gur cóir seirbhísí a bheith ar fáil i nGaeilge. Sin é an bharúil atá ag 80% d'aois (15-17 mbliana d'aois) na Poblachta agus ag 58% dá leithéidí i dTuaisceart Éireann.



Teifigh anoir agus gáinneálaithe aniar: chun na hEorpa

Bhí teifigh riamh ann. Daoine ag éalú ón gcogadh, ón tubaiste, ón ngorta. Tá achrann ann fós agus ansmacht, agus daoine ag teacht ón Meánoirthear agus ón Afraic, ag iarraidh an Eoraip a bhaint amach. Báitear iad, beirtéar orthu uaireanta, caithfidh siad dul i ngleic le feidhmeannaigh agus leis an doicheall.

Is gearr ó tugadh léargas ar an scéal i bpíosa de chuid *France 24*, seirbhís nuachta agus tráchtairachta. 'Itinéraires, coûts, risques : un passeur de migrants raconte son trafic': sin teideal an ailt a scríobh Sam Sarabi agus Ershad Alijani, alt atá bunaithe ar agallamh le gáinneálaí ar theifigh (*people smuggler*) sa Tuirc. Fuair siad tuairisc i nDairis ó 'Ahmad,' Afganastánach atá ina gháinneálaí in Ankara.

Gnó é a bhfuil gá leis agus brabach le baint as. Baineann Iaránaigh, Iarácaigh agus Afganastánaigh feidhm as, ach Siriaigh is mó atá i gceist (timpeall 80%). Tá breis is milliún duine acu tagtha chun na Tuirce ó 2011 i leith. Is annamh atá ceann scríbe socraithe ag a leithéidí. Tugtar iad go dtí an Iodáil nó go dtí an Ostair, agus tig leo tír eile a bhaint amach ina dhiaidh sin. Tá an-éagsúlacht ag gabháil leis na praghsanna. Braitheann mórán ar an méid atá na gáinneálaithe sásta a chaitheamh chun na cliaint a sheoladh ar aghaidh. Ní bhíonn siad thíos leis an ngnó agus cuid den chostas íoctha roimh ré.

Is féidir an Tuirc a fhágáil ar eitleán, i leoraí nó i mbád. Más rogha le daoine bealach na farraige téann siad chun na Gréige ar dtús. Má imíonn siad i mbád inséidte, cosnaíonn sé €1,600; más i mbád iascaireachta é cosnaíonn sé €2,400, agus cosnaíonn pasáiste ar bord long chúrsála €3,200. Sa chás úd tugtar na teifigh i mbáid bheaga chomh fada le huiscí teorann na Gréige agus tugtar ar bord loinge go rúnda iad le cabhair ó mhairnéalaigh. Is é an bealach is saoire chun an Tuirc a fhágáil imeacht i leoraí. Cosnaíonn sé €800 chun an Iodáil nó an Ostair a bhaint amach i gcoimeádán. (Déanann gáinneálaí amháin ar a laghad a chuid táillí a fhógairt ar Facebook.)

Más rogha leat an t-eitleán (timpeall €12,000) caithfidh tú pas a thabhairt leat. Ní deacair do na húdarais pas bréige a aithint, agus dá bhrí sin caithfear fíorcheann a cheannach sa Tuirc. Ní foláir duit dealramh a bheith agat leis an duine atá sa ghrianghraf, agus ní mór don duine úd a dhíol an pas fanacht nó go mbeidh tú dultra tríd an tseiceáil slándála ag an aerphort. Ansin is féidir leis an duine céanna a mhaíomh gur goideadh a phas.

I gcoitinne, is fearr leis na teifigh an Bhulgáir a sheachaint, mar tá na póilíní an-gharbh ann agus tá na campaí do theifigh uafásach dona. Uaireanta tugann na póilíní iarraidh ar theifigh a chur ar ais chun a dtíre féin. De ghnáth tugann na gáinneálaithe a gcuid cliant chun na hIodáile nó na hOstaire. Ansin is féidir le teifigh breis airgid a chaitheamh chun dul ar eitleán chun tíre áirithe. Nó tig leo imeacht i leoraí agus dul i mbaol a ngabhála. Má ghabhtar iad ní foláir dóibh dídean pholaitiúil a iarraidh. Ar a bpriacal féin a imíonn na teifigh: má thugtar i gcúl leoraí iad caithfidh siad imeacht ar feadh dhá uair déag i ngéibheann taistil agus iad i mbaol a mbasctha má bhogann an lasta.

Fiú má ghabhtar iad ní ligeann an eagla dóibh siad sceitheadh ar an ngáinneálaí. Má dhéanann mar sin féin, faigheann an gáinneálaí fios an scéil agus athraíonn a ainm, a sheoladh agus a uimhir ghutháin.

Uaireanta caithfidh na teifigh fanacht leis na blianta fada sa Tuirc sula dtagann an fhail le dul chun cainte le gníomhaireacht de chuid na Náisiún Aontaithe. Is minic is fearr le teifigh imeacht go neamhdhlíthiúil. De ghnáth roghnaíonn siad an bealach is saoire agus is contúirtí, cheal airgid.

Anuraidh shábháil na húdarais Iodálacha 150,000 imirceach ar a laghad sa Mheánmhuir. Tá Frontex, gníomhaireacht faire theorainneacha an AE, ag cur bád ar patrúl amach ó chósta na hIodáile, ach ní thugtar iarraidh ar imircigh a chuardach ná a tharrtháil.

Admhaíonn Ahmad nach bhfuil ag dó na geirbe ag na gáinneálaithe ach an t-airgead agus a sábháilteacht féin. Ach bheadh na mílte, idir mhná, pháistí agus fhir, i bpráinn gan iad, fiú má tá cuid de na gáinneálaithe an-fhuarchroíoch. Báitear nó brúitear roinnt mhaith teifeach, ach éiríonn le mórán eile dídean a bhaint amach. Tá na gáinneálaithe ann agus ní féidir teacht gan iad.

Féach

<http://observers.france24.com/fr/content/20141120-est-jamais-perdants-passeur-devoile-traffic-migrants-syrie-l'europa>

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au.

Leagan simplithe

Teifigh anoir agus gáinneálaithe aniar: chun na hEorpa

Bhí teifigh riamh ann. Daoine ag éalú ón gcogadh, ón tubaiste, ón ngorta. Mar sin atá an scéal go fóill. Faoi láthair tá daoine ag teacht ón Meánoirthear agus ón Afraic, ag iarraidh dídine san Eoraip.

Is garr ó tugadh léargas ar an scéal seo in alt de chuid France 24, seirbhís nuachta. Cuireadh gallamh ar gháinneálaí ar theifigh (people smuggler) atá ina chónaí sa Tuirc.

Baineann na gáinneálaithe so brabach as an ngnó ach tá gá leo. Cuidíonn siad le hIaránaigh, le hIarácaigh agus le hAfganastánaigh, agus go háirithe le Siriaigh. Tugtar na teifigh ón Tuirc go dtí an Iodáil nó go dtí an Ostair. Ina dhiaidh sin is féidir leo dul go dtí tír eile.

Tá praghsanna difriúla ann. Is féidir an Tuirc a fhágáil ar eitleán, i leoraí nó i mbád. Tá sé níos saoire imeacht i leoraí.

Má imíonn tú ar eitleán caithfidh tú pas a thabhairt leat. Is furasta do na húdaráis pas bréige a aithint. Dá bhrí sin ceannaítear pasanna ó dhaoine eile. Ina dhiaidh sin deir na daoine úd gur goideadh a bpas.

Má ghabhtar teifigh ní ligeann an eagla dóibh siad sceitheadh ar an ngáinneálaí. Má dhéanann, caithfidh an gáinneálaí a ainm, a sheoladh agus a uimhir ghutháin a athrú.

Uaireanta caithfidh teifigh fanacht leis na blianta fada sa Tuirc sula féidir leo cabhair a fháil ó na Náisiún Aontaithe. Is minic is fearr leo imeacht go neamhdhlíthiúil.